An Coláiste Tréidliachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin choláiste tréidliachta i mBaile Átha Cliath. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

aitheantas	deacrachtaí	cuairt chigireachta
neamhspleáchas	dóchas	dochar

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéad mac léinn atá imithe ó Bhaile Átha Cliath go dtí Ollscoil Ghlaschú?
2. Cén fáth gur imigh siad go dtí Ollscoil Ghlaschú?
3. Cathain a tógadh an t-ospidéal tréidliachta?
4. Cad as do cuid de na mic léinn a thagann chuig Baile Átha Cliath?
5. Cad a dhéanfaidh an scoil tréidliachta anois?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

Tá **an t-ospidéal** tréidliachta i mBaile Átha Cliath trí bliana d'aois.
Teastaíonn ón gcoláiste tréidliachta **an t-aitheantas** a bhaint amach.

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú. (Is ainmfhocail <u>firinscneach</u> iad seo.)

1. Dúirt an _____ go bhfaighidh siad an t-aitheantas an bhliain seo chugainn. (ollamh)
2. Chuir Máire an _____ agus an subh ar an mbord don mbricfeasta. (arán)
3. Nuair a bhí mé ar saoire sa Spáinn, bhí an _____ go hálainn. (óstán)
4. Nuair a bhí an obair déanta ag Pól, thug a athair an _____ dó. (airgead)
5. D'ordaigh Bríd an _____ sa bhialann. (iasc)

Ceist 4 **‘**D’aistrigh *deichniúr* mac léinn go dtí Ollscoil Ghlaschú.’

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Tá an chéad cheann déanta duit.

1	10 + saighdiúirí	deichniúr saighdiúirí
2	3 + dochtúirí	
3	7 + dlíodóirí	
4	5 + múinteoirí	
5	8 + peileadóirí	
6	4 + ceoltóirí	
7	6 + iriseoirí	

Ceist 5 Féach ar na habairtí thíos:

Dúirt an dochtúir Donald Simmons go raibh deacrachtaí acu leis an scoil tréidliachta.
D’aistrigh deichniúr mac léinn go dtí Ollscoil Ghlaschú.

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. D’éirigh Seán go luath agus _____ sé bricfeasta mór. (ith)

2. Bhí na páistí ag imirt peile ar an tsráid agus _____ siad fuinneog sa teach nua. (bris)

3. Chuaigh Siobhán ag siopadóireacht agus _____ sí gúna nua. (ceannaigh)

4. Fuair Éamonn peann agus _____ sé síos an uimhir theileafóin. (scríobh)

5. Bhí tart ar na páistí agus _____ siad roinnt uisce. (ól)

Ceist 6 An bhfuil sé tábhachtach mic léinn ó thar lear a thabhairt chuig ollscoileanna in Éirinn? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

aitheantas - *recognition*
deacrachtaí - *difficulties*
cuairt chigireachta – *inspection visit*
neamhspleachas - *independence*
dóchas - *hope*
dochar - *damage*

Ceist 2
1. Deichniúr.
2. Mar níor éirigh leis an ollscoil i mBaile Átha Cliath aitheantas a fháil ón AVMA, cumann gairmiúil na dtréidlianna i Meiriceá.
3. Trí bliana ó shin.
4. Ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ó Cheanada.
5. Tá siad ag iarraidh an t-aitheantas a fháil ón AVMA. Tá siad dóchasach go bhfaighidh siad an t-aitheantas i 2007.

Ceist 3
1. an t-ollamh
2. an t-arán
3. an t-óstán
4. an t-airgead
5. an t-iasc

Ceist 4

1	10 + saighdiúirí	deichniúr saighdiúirí
2	3 + dochtúirí	triúr dochtúirí
3	7 + dlíodóirí	seachtar dlíodóirí
4	5 + múinteoirí	cúigear múinteoirí
5	8 + peileadóirí	ochtar peileadóirí
6	4 + ceoltóirí	ceathrar ceoltóiri
7	6 + iriseoirí	seisear iriseoirí

Ceist 5
1. d'ith
2. bhris
3. cheannaigh
4. scríobh
5. d'ól

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ailbhe Ó Monacháin

Tá deichniúr mac léinn tréidliachta aistrithe ón choláiste tréidliachta in Ollscoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath chuig Ollscoil Ghlaschú in Albain mar nár éirigh leis an ollscoil anseo aitheantas a fháil ó chumann gairmiúil na dtréidlianna i Meiriceá. Dúirt urlabhraí de chuid na hollscoile go raibh súil acu an t-aitheantas a fháil an bhliain seo chugainn. Tá tuilleadh faoi sin ag Joe Mag Raollaigh.

Joe Mag Raollaigh

Seo an t-ospidéal tréidliachta i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath, áis nua-aimseartha a tógadh trí bliana ó shin i dteannta leis an scoil nua tréidliachta chun traenáil a chur ar thréidlianna óga na tíre seo. Is é an t-aon choláiste tréidliachta ar an oileán é ag freastal ar mhic léinn Éireannacha agus ó thar lear. Ina measc tá 40 ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ó Cheanada ach 50 a bhíodh sa ghrúpa seo. Ach i mbliana nuair a theip ar an ollscoil aitheantas a fháil ón AVMA[1], 'sé sin an eagraíocht ghairmiúil atá ag tréidlianna i Meiriceá, d'aistrigh deichniúr mac léinn go dtí Ollscoil Ghlaschú, ollscoil a bhfuil an t-aitheantas seo aige. Dúirt urlabhraí an AVMA, an dochtúir Donald Simmons le Nuacht go raibh deacrachtaí acu leis an scoil tréidliachta agus gur chuireadar cuairt chigireachta ar athló i mí Lúnasa. Níl dáta nua cigireachta socraithe ach dúirt an dochtúir Simmons nach dtabharfar aitheantas don scoil mura réitítear na deacrachtaí atá acu. Tuigtear go mbaineann siad seo go príomha le hathstruchtúrú na hollscoile anuraidh. Meán Fómhair 2005 a chaill an scoil tréidliachta a stádas mar dhámh neamhspleach agus cuireadh isteach i Scoil na Talamhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leigheas Tréidliachta í. Inniu dúirt déan[2] scoil na tréidliachta, an tOllamh Boyd Jones, gur imní faoi neamhspleáchas atá ar an AVMA. Is fearr leo neamhspleáchas a bheith ag scoileanna aitheanta, a dúirt sé. Agus dúirt sé go ndéanfar na hathruithe is gá chun an imní seo a mhaolú. Tá sé dóchasach go bhfaighidh siad aitheantas i 2007 ach ghlac sé leis go bhféadfadh an easpa aitheantais a bheith ina ábhar imní do mhic léinn idir an dá linn. Iarracht ab ea é cur le stádas na hollscoile ach i leaba sin tá sé tar éis dochar a dhéanamh dó. Tá an Roinn Tréidliachta anseo anois ag iarraidh an dochar sin a leigheas tríd an t-aitheantas a fháil ón AVMA, ach go dtí seo níor éirigh leo. Idir an dá linn ní fios cén impleachtaí a bheas aige seo do earcú mic léinn eile ó thar lear.

Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4, ag an ospidéal tréidliachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

[1] American Veterinary Medical Association
[2] *déanach* a deirtear sa mhír